



General Certificate of Secondary Education  
2010–2011

## Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Gníomhaíocht agus Sláinte an Duine  
Modúl 2

Bonnsraith

[GSC21]

DÉARDAOIN 24 FEABHRA 2011, MAIDIN



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

AM

45 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.  
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.  
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.  
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Marc Iomlán

- 1 (a) Tá substaintí i ndeatach toitíní a bhfuil éifeachtaí dochracha ar an chorp acu. Comhlánaigh an tábla seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**nítrigin : tarra : spreagann sé andúil**

**ina chúis le broincíteas : aonocsaíd charbóin**

Substaint	Éifeacht dhochrach
nicitín	
	ina chúis le hailse
	íslíonn sé leibhéal na hocsáigine san fhuil

[3]

- (b) (i) Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**súile : ae : ragús óil : tinneas póite**

Tugtar \_\_\_\_\_ ar chuid mhór alcóil a ól thar

thréimhse ghairid.

Daoine a ólann cuid mhór alcóil thar thréimhse fhada, tá contúirt

ann go ndéanfaidh siad dochar don \_\_\_\_\_. [2]

- (ii) Seachas éirí as an alcól, luaigh dhá dhóigh le laghdú ar an dochar a dhéanann alcól don chorp.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]

- (iii) Luaigh dóigh amháin a ndéanfaí dochar don **tsochaí** mar gheall ar dhaoine a bheith ag ól barraíocht alcóil.

\_\_\_\_\_ [1]

2 (a) Comhlánaigh an tsreabhchairt seo a leanas:

Roghnaigh ó:

**géinte : ailse : bruitíneach**

**próitéin : gáma : UV**

Tagann dath na gréine (griandó) ar chraiceann mar gheall ar  
ghathanna \_\_\_\_\_ ón Ghrian.



Is féidir go ndéanfaidh sé seo dochar don  
\_\_\_\_\_ atá sna cealla craicinn.



Is féidir go mbeidh sé seo ina chúis le \_\_\_\_\_  
ar deireadh.

[3]

(b) Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine i dTuaisceart Éireann a bhfuil ailse craicinn orthu. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

\_\_\_\_\_ [1]

(c) Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**cilldeighilt rialaithe : cilldeighilt neamhrialaithe :**

**fás neamhrialaithe i méid cille**

Is é is ailse ann ná \_\_\_\_\_ [1]

- 3 (a) Anseo thíos tá pictiúr de thraonach i bhfásra fada, áit a bhfuil an nead aige.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc




© Michael Callan/Frank Lane Picture Agency/CORBIS

Choinnigh feirmeoir an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na traonaigh a bhí ar a chuid talaimh.

Bliain	An líon uaireanta a chonaic sé iad (dearcthaí)	An líon uaireanta a chuala sé iad (glaonna)
1980	3	12
1985	2	5
1990	2	6
1995	1	4
2000	1	4

An fhaisnéis sa tábla agus do chuid eolais féin in úsáid agat, freagair codanna (i), (ii) agus (iii) anseo thíos.

- (i) Comhlánaigh an bharrchairt seo a leanas le líon na ndearcthaí a thaispeáint.



[2]

- (ii) Taispeánann an fhaisnéis go raibh níos mó glaonna traonaigh ná dearcthaí traonaigh. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

\_\_\_\_\_ [1]

- (iii) Luaigh píosa **amháin** fianaise a thugann le fios gur speiceas i mbaol é an traonach.


\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Is sampla é an traonach de thoisic bhitheach is féidir a úsáid le faisnéis a thabhairt faoin timpeallacht.

Cad é a chiallaíonn toisc **bhitheach**?

\_\_\_\_\_ [1]

- 4 (a) Bhí cúig phota chomhionanna agus paicéad síolta ag Sinéad. D'úsáid sí iad seo le himscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a raibh éifeacht ag líon na síolta a bhí ag fás i ngach pota ar mhais na síoláige. Chuir sí na síolta agus 3 seachtaine ina dhiaidh sin, mheáigh sí na síoláige. Anseo thíos tá graf dá cuid torthaí.



- (i) Ríomh líon iomlán na síoláige a bhí in úsáid ag Sinéad.

Taispeáin do chuid oibre.

\_\_\_\_\_ [2]

- (ii) Tháinig laghdú ar mheánmhais na síológ de réir mar a bhí níos mó síológ i ngach pota. Mínigh ina iomláine cad chuige.

\_\_\_\_\_ [2]

- (iii) Ón fhaisnéis, luaigh dhá rud a rinne Sinéad lena chinntiú go mbeadh an t-imscrúdú bailí (triall chothrom).


1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]

- (b) Is speiceas ionrach iomaíoch é an róslabhras atá ag fás i gcuid mhór gairdíní.

Taispeánann an grianghraf seo a leanas róslabhras i ngairdín Liam.

Róslabhras




- (i) Ba mhaith le Liam lusanna an chromchinn a chur sa ghairdín. Ba chóir dó iad a chur ag suíomh Y seachas ag suíomh X. Mínigh ina iomláine cad chuige.

\_\_\_\_\_ [2]

- (ii) Ainmnigh speiceas ionrach iomaíoch **amháin** eile.


\_\_\_\_\_ [1]

- 5 (a) Taispeánann an léaráid seo a leanas an éifeacht a bhíonn ann nuair a chuirtear diosca antaibheathach 10 n-aonad ar mhias Petri a bhfuil baictéir inti.



- (i) Rinneadh an turgnamh arís le hantaibheathach 5 aonad.

Cén ceann de na léaráidí seo a leanas ina mbeadh an toradh ceart?



Freagra (A, B, C nó D) \_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Ainmnigh an t-antaibheathach a aimsíodh nuair a eillíodh trí thaisme mias Petri a raibh baictéir inti.

\_\_\_\_\_ [1]

- (iii) Ainmnigh galar **amháin** a bhfuil baictéir ina gcúis leis.

\_\_\_\_\_ [1]


- (b) Is féidir go leathfaidh MRSA níos gasta in ospidéal mar a bhfuil droch-chaighdeán sláinteachais.

Tá sé deacair MRSA a dhíbirt as ospidéal nuair atá caighdeán iontach ard sláinteachais iontu, fiú. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [1]



6 Taispeánann an léaráid seo a leanas an ról atá ag móin (breosla iontaise) sa timthriall carbóin.



(a) Ainmnigh **dhá** phróiseas sa léaráid a chuireann dé-ocsaíd charbóin ar ais san aer.

\_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ [2]

(b) An léaráid agus do chuid eolais féin in úsáid agat, mínigh cad é is cúis le téamh domhanda.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [2]


Is breosla eile é an tsaileach a fhásann go gasta agus is féidir a bhaint i ndiaidh 3 bliana.

(c) Tá sé níos fearr don timpeallacht saileach seachas móin a úsáid. Úsáid an fhaisnéis thuas agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad chuige.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [3]

7 (a) Nuair a théann miocróib isteach inár gcorp, tosaíonn fuilchealla áirithe ar antasubstaintí a tháirgeadh. Bíonn na hantasubstaintí seo ag feidhmiú leis na miocróib a bhailiú le chéile ina dtom agus iad a dhíluailiú ansin. Imdhíonacht ghníomhach a thugtar air seo.

(i) Comhlánaigh an léaráid lena thaispeáint cad é mar a thugann na hantasubstaintí ar na miocróib a bheith ag bailiú le chéile ina dtom.



[1]

(ii) Agus na miocróib bailithe le chéile ina dtom, ainmnigh an próiseas trína scriostar iad.


\_\_\_\_\_ [1]

(iii) Cad chuige, dar leat, a bhfuil antasubstaintí difriúla ann do gach cineál galair?

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Is féidir linn muid féin a chosaint chomh maith trí antasubstaintí a instealladh díreach isteach sa chorp. Fágann sé seo go mbeidh imdhíonacht **éighníomhach** againn.

Taispeánann an graf seo a leanas cad é mar a bhíonn líon na n-antasubstaintí san fhuil ag athrú le linn imdhíonacht éighníomhach.



An graf agus do chuid eolais féin in úsáid agat, cuir síos ar dhá dhóigh a bhfuil imdhíonacht éighníomhach difriúil le himdhíonacht ghníomhach.

1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_ [2]

- (c) Ag tús an gheimhridh gach bliain, faigheann cuid mhór daoine sa Bhreatain Mhór vacsaíniú fliú. Déanann siad é seo sa dóigh nach dtiocfaidh an fliú orthu i rith an gheimhridh.

Mínigh ina iomláine cad chuige a n-úsáidtear vacsaíniú seachas na hantasubstaintí a instealladh díreach isteach sa chorp.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.